Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Straitéis na hÉireann maidir le Litearthacht, Uimhearthacht agus Inniúlacht Dhigiteach 2024-2033:

## Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go hAois Duine Óig Fhásta

**Plean Forfheidhmithe go dtí 2028**





# Réamhrá

I ndomhan an lae inniu atá ag forbairt go tapa, tá an litearthacht, an uimhearthacht agus an inniúlacht dhigiteach ina gcolúin bhunúsacha do chumhachtú an duine agus d'fhorás na sochaí. Tá sé mar aidhm ag *Straitéis na hÉireann maidir le Litearthacht, Uimhearthacht agus Inniúlacht Dhigiteach 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go hAois Duine Óig Fhásta* tosaíocht a thabhairt don litearthacht, don uimhearthacht agus don litearthacht dhigiteach. Beidh an plean forfheidhmithe cuimsitheach cúig bliana seo ina chabhair maidir le cuidiú le foghlaimeoirí ón luath-óige go dtí an t-iar-bhunoideachas an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a bheith acu, chun go n-éireodh leo i ndomhan atá ag éirí níos idirnasctha agus níos eolasbhunaithe.

Sna spriocanna ardleibhéil a shainaithnítear faoi chúig phríomhcholún sa straitéis, aithnítear an gá atá le comhoibriú agus comhar chun fís na straitéise a bhaint amach:

## Forbraíonn gach foghlaimeoir, ó bhreith go haois aosaigh óig, na scileanna litearthachta, uimhearthachta agus inniúlachta digiteacha atá riachtanacha le go n-éireodh leo mar dhuine sa saol, le go mbeidís go hiomlán rannpháirteach agus ina mbaill eiticiúla, ghníomhacha den tsochaí agus le go gcaithfidís saol atá sásúil agus tairbheach.



Oibreoidh an Roinn Oideachais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le chéile, in éineacht le suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus le scoileanna, agus leis na páirtithe leasmhara iomchuí go léir, lena n-áirítear foghlaimeoirí, oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí, múinteoirí, tuismitheoirí, agus eagraíochtaí pobail, chun na gníomhartha a eascraíonn as na cuspóirí ardleibhéil sa phlean gnímh cuimsitheach cúig bliana seo a chur chun cinn. Trí phróiseas ionchuimsitheach a chothú is féidir leas a bhaint as saineolas, acmhainní agus dearcthaí comhchoiteanna chun cur le tionchar na dtionscnamh.

Tá achair ama léirithe in éineacht le gach gníomh agus foghníomh:

- Tá gníomhartha leantacha ar siúl cheana féin agus leanfaidh siad ar aghaidh ar feadh shaolré an phlean forfheidhmithe
- Tá sé i gceist go gcuirfí gníomhartha gearrthéarmacha i gcrích laistigh de dhá bhliain
- Tá sé i gceist go gcuirfí gníomhartha meántéarmacha i gcrích laistigh de thrí bliana go leith
- Tá sé i gceist go gcuirfí gníomhartha fadtéarmacha i gcrích laistigh de chúig bliana.

Déanfar dul chun cinn a thaifeadadh go bliantúil agus a scaipeadh i dtuarascálacha a fhoilseofar. Déanfar athbhreithniú tar éis trí bliana d'fheidhmiú na straitéise chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus coigeartuithe ar bith atá de dhíth a shainaithint. Foilseofar plean forfheidhmithe cúig bliana eile chun an chuid atá fágtha de thréimhse na straitéise a chlúdach, rud a léireoidh tiomantas leanúnach do mhionchoigeartú agus d'fheabhsú straitéiseach.



# Gníomhartha

## **Colún 1:** Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach na bhfoghlaimeoirí

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.1: Tacaíocht bhreise a thabhairt do thuismitheoirí chun litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach a gcuid leanaí a chur chun cinn agus a spreagadh.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **1.1.1** | Feachtas faisnéise comhordaithe a chur ar fáil ag baint úsáid as bealaí éagsúla cumarsáide chun béim a leagan ar an ról riachtanach atá ag tuismitheoirí agus pobail maidir le tacú go dearfach le litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach a leanaí. | RO, RLCMLÓ | An Oifig um Litearthacht d'Aosaigh don Saol, ÁNLA<br>Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, GBRÁ,<br>Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, CNOS, FTO,<br>Webwise, Tús Níos Fearr, CCCanna | Leanúnach |
| **1.1.1a** | 'Grúpa téamach' foghlama teaghlaigh a bhunú 'chun gach ball den teaghlach a chur san áireamh' mar chuid den Straitéis um Litearthacht d'Aosaigh don Saol. | An Oifig um Litearthacht d'Aosaigh don Saol, | RO, RLCMLÓ, ÁNLA, GBRÁ<br>Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, Webwise | Gearrthéarmach |
| **1.1.1b** | Sábháilteacht ar líne agus saoránacht dhigiteach a chur chun cinn chun cur ar chumas tuismitheoirí tacú lena leanaí úsáid neamhspleách, éifeachtach agus shábháilte a bhaint as an idirlíon. | RO, RLCMLÓ | Webwise, Tusla | Leanúnach |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.1: Tacaíocht bhreise a thabhairt do thuismitheoirí chun litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach a gcuid leanaí a chur chun cinn agus a spreagadh.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **1.1.1c** | Athbhreithniú agus feabhas a chur ar Acmhainní le Comhroinnt de chuid Thionscnaimh Náisiúnta Síolta Aistear (TNSA): na hacmhainní seo a chur chun cinn agus a roinnt le suíomhanna FCL agus le grúpaí tuismitheoirí agus lapadán. | RLCMLÓ | Tús Níos Fearr, CCCanna | Meántéarmach |
| **1.1.1d** | Treoir agus acmhainní inrochtana a sholáthar do thuismitheoirí maidir leis an aistriú trí na céimeanna éagsúla ón mbaile go dtí an iar bhunscoil. | RO, RLCMLÓ | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, CNOS, CNCM, Tús Níos Fearr, CCCanna | Gearrthéarmach go dtí meántéarmach |
| **1.1.1e** | Treoir a sholáthar do shuíomhanna FCL agus do scoileanna maidir le teanga shimplí a úsáid agus cumarsáid á déanamh le tuismitheoirí. | RO, RLCMLÓ | An Oifig um Litearthacht d'Aosaigh don Saol, ÁNLA, Tús Níos Fearr, CCCanna | Gearrthéarmach go dtí meántéarmach |
| **1.1.1f** | Eolas a sholáthar do thuismitheoirí chun léitheoireacht agus éisteacht daoine óga ar mhaithe le pléisiúr a éascú. | Tús Níos Fearr, CCCanna, RO, RLCMLÓ | GBRÁ, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, An Oifig um Litearthachta d'Aosaigh don Saol, Tús Níos Fearr, CCCanna | Meántéarmach |
| **1.1.1g** | Feasacht a mhúscailt i measc tuismitheoirí ar thábhacht na dteangacha baile agus ar an ról suntasach atá acu maidir le tacú le teangacha breise a fhoghlaim agus a shealbhú agus bunchloch a leagan ina dtaobh. | RO, RLCMLÓ | Tús Níos Fearr, CCCanna, TIÉ, COGG | Leanúnach |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.1: Tacaíocht bhreise a thabhairt do thuismitheoirí chun litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach a gcuid leanaí a chur chun cinn agus a spreagadh.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **1.1.2** | An Tionscnamh Mo Leabharlann Bheag a phríomhshruthú. | **RLCMLÓ** | **GBRÁ, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, CNCM, CCCanna, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, RO** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **1.1.2a** | Déanfar mála leabhar a thairiscint do gach leanbh atá ag tosú ar scoil (leanaí 4 6 bliana), a bhféadfadh leabhair Bhéarla agus Ghaeilge a bheith ann, sparán do chárta leabharlainne agus ábhair do thuismitheoirí maidir le tacaíocht a chur ar fáil i leith an aistrithe. D'fhéadfadh scéalta a bheith ann a chuireann coincheapa luatha na matamaitice i láthair. | **RLCMLÓ** | **GBRÁ, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, CNCM, CCCanna, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, RO** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **1.1.2b** | Leabhar Beag ag Am Leapa, cuirfear leabhar scéalta ar fáil do gach leanbh faoi 4 le coimeád, i mBéarla nó i nGaeilge, chomh maith le hábhair thacaíochta do thuismitheoirí ar thairbhe na léitheoireachta le leanaí óga. D'fhéadfadh scéalta a bheith ann a chuireann coincheapa luatha na matamaitice i láthair. | **RLCMLÓ** | **GBRÁ, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, CNCM, CCCanna, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, RO** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.1: Tacaíocht bhreise a thabhairt do thuismitheoirí chun litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach a gcuid leanaí a chur chun cinn agus a spreagadh.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **1.1.3** | An Tionscnamh Mo Leabharlann Bheag a leathnú. | **RLCMLÓ, RS** | **GBRÁ, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, Comhar Naíonra na Gaeltachta, FSS, RO** | **Meántéarmach** |
| | Tionscnamh Bheart an Linbh. I ngach beart linbh beidh 2 leabhar, ceann amháin i mBéarla agus ceann amháin i nGaeilge, lena chinntiú go mbeidh leabhair sa teach ag gach leanbh a bheirtear in Éirinn ó thús a saoil. | **RLCMLÓ, RS** | **GBRÁ, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, Comhar Naíonra na Gaeltachta, FSS** | **Leanúnach** |
| **1.1.3b** | Tionscnamh na Leabharlainne Bige Bídí a thabhairt isteach. Leabhair a chur ar fáil do na haonaid chúraim speisialta nuabheirthe (NICU) do thuismitheoirí le léamh dá leanaí. | **RLCMLÓ, RS** | **GBRÁ, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, Comhar Naíonra na Gaeltachta, FSS** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **1.1.3c** | An Tionscnamh Léitheoireachta le haghaidh Spraoi a thabhairt isteach trí leabhair leanaí a chur ar fáil in ionaid chuairteoirí na bpríosún agus macasamhail an chnuasaigh leabhar seo a chur ar fáil i leabharlanna na bpríosún ionas go n-aithneoidh tuismitheoirí na leabhair agus an luach a bhaineann le léitheoireacht le leanaí. | **RLCMLÓ** | **GBRÁ, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, Comhar Naíonra na Gaeltachta, FSS** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **1.1.4** | Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le ról na gcumann tuismitheoirí a fhorbairt chun rannpháirtíocht tuismitheoirí i litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach leanaí ag leibhéil na bunscoile agus na hiar bhunscoile a mhéadú. | **RO** | **CNT** | **Meántéarmach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.1: Tacaíocht bhreise a thabhairt do thuismitheoirí chun litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach a gcuid leanaí a chur chun cinn agus a spreagadh.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **1.1.5** | Tacú le forbairt "grúpaí comhpháirtíochta tuismitheoirí", coistí comhpháirtíochta, nó córais eile chun róil struchtúrtha agus níos foirmiúla a thabhairt do thuismitheoirí i rannpháirtíocht leanúnach le suíomhanna FCL. | **RLCMLÓ** | **CNT, CCCanna** | **Meántéarmach** |
| **1.1.6** | Iniúchadh a dhéanamh ar na cláir litearthachta teaghlaigh reatha, lena n-áirítear inniúlacht dhigiteach, chomh maith le cláir tacaíochta thuismitheoireachta níos leithne, go háirithe tionscnaimh atá ag iarraidh rannpháirtíocht grúpaí imeallaithe a spreagadh chun soláthar sa réimse sin a leathnú. | **RO, RLCMLÓ, RBATNE** | **Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, IATanna, BOOÉ, Oifig ALL, ÁNLA, Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla, PPFS Tusla, Ionaid Seirbhísí Pobail** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **1.1.6a** | Iniúchadh a dhéanamh ar mhodúl litearthachta teaghlaigh a d'fhéadfaí a leathadh amach i gcomhpháirtíocht le scoileanna DEIS agus le seirbhísí Litearthachta d'Aosaigh. | **RO** | **Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, Oifig ALL, ÁNLA** | **Meántéarmach** |
| **1.1.6b** | Athbhreithniú a dhéanamh ar chlár píolótach 'Thionscadal Shráid na Scéalaíochta' a bhfuil sé mar aidhm aige comhpháirtíocht a bhunú idir seirbhísí leabharlainne agus Ionaid Acmhainní Teaghlaigh maidir le tacaíocht struchtúrtha a sholáthar do theaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste agus príomhshruthú an chláir a bhreithniú. | **RLCMLÓ** | **Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, IATanna** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |

| Cuspóir<br>**1.1: Tacaíocht bhreise a thabhairt do thuismitheoirí chun litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach a gcuid leanaí a chur chun cinn agus a spreagadh.** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **1.1.7** | Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thuiscint tuismitheoirí ar chuspóirí an mheasúnaithe le linn na luath-óige agus na cuir chuige ina leith, lena n-áirítear forbairt ar Acmhainní TNSA le Comhroinnt maidir le measúnú ar fhoghlaim agus don fhoghlaim in FCL. | RLCMLÓ | CNCM, Tús Níos Fearr, CCCanna agus eagraíochtaí cuí | Gearrthéarmach go dtí meántéarmach |
| **1.1.8** | Treoir a thabhairt do thuismitheoirí ar chuspóirí an mheasúnaithe (seachas measúnú ar mhaithe le deimhniúchán stáit) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus a ról maidir le tacú le dul chun cinn an fhoghlaimeora sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach (lena n-áirítear foghlaimeoirí atá éagsúil/ilteangach/BTB/lán-Ghaeilge). | RO | CNT | Gearrthéarmach go dtí meántéarmach |

| Cuspóir<br>**1.2: An Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn trí thuismitheoirí agus pobail a éascú chun tacú le foghlaim agus sealbhú teanga leanaí.** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **1.2.1** | Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thuiscint tuismitheoirí ar chuspóirí an mheasúnaithe le linn na luath-óige agus na cuir chuige ina leith, lena n-áirítear forbairt ar Acmhainní TNSA le Comhroinnt maidir le measúnú ar fhoghlaim agus don fhoghlaim in FCL. | RO, RLCMLÓ, RTCEGSM, CNCM, Oide | CNT, Tús Níos Fearr, CCCanna, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Glór na Gaeilge | Meántéarmach go dtí fadtéarmach |

| Cuspóir | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.2: An Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn trí thuismitheoirí agus pobail a éascú chun tacú le foghlaim agus sealbhú teanga leanaí.** | | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama | |
| 1.2.2 | Acmhainní físe Léamh Le Chéile a fhorbairt tuilleadh, mar chuid den tionscnamh Mo Leabharlann Bheag, agus acmhainní litearthachta agus uimhearthachta a chur san áireamh atá dírithe ar chluichí, amhráin agus rainn (Spraoi Le Chéile). | RLCMLÓ, RTCEGSM, | GBRÁ, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Tús Níos Fearr, CCCanna, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí | Gearrthéarmach go dtí meántéarmach | |
| 1.2.3 | Tacú le tuismitheoirí meon dearfach a fhorbairt i leith na Gaeilge agus acmhainní a chur ar fáil a chuireann ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfoghlaim Ghaeilge a leanaí. | RO, RLCMLÓ, RTCEGSM | COGG, CNT | Leanúnach | |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.3: Feabhas a chur ar thorthaí litearthachta, uimhearthachta agus inniúlachta digití na bhfoghlaimeoirí agus chuige sin úsáid a bhaint as tacaíochtaí pobail.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| 1.3.1 | Úsáid seirbhísí pobail agus cultúrtha a leathnú chun tacú le litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach i suíomhanna FCL agus i scoileanna, lena n-áirítear grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar son mionlaigh eitneacha, amhail grúpaí ón Lucht Siúil agus grúpaí Romach agus imirceach. | RO, RLCMLÓ | GBRÁ, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, Oifig ALL, eagraíochtaí pobail a dhéanann ionadaíocht thar ceann mionlaigh eitneacha, amhail grúpaí ón Lucht Siúil, agus grúpaí Romach agus imirceach, seirbhísí pobail/ cultúrtha eile | Leanúnach |
| 1.3.2 | Traidisiúin scéalaíochta a spreagadh agus a chur chun cinn sa luathóige. | RLCMLÓ | RTCEGSM, GBRÁ, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, an Chomhairle Ealaíon | Meántéarmach go dtí fadtéarmach |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.3: Feabhas a chur ar thorthaí litearthachta, uimhearthachta agus inniúlachta digití na bhfoghlaimeoirí agus chuige sin úsáid a bhaint as tacaíochtaí pobail.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **1.3.3** | Cláir a reáchtáil trí na hIonaid Tacaíochta Oideachais chun cabhrú le tuismitheoirí scileanna léitheoireachta agus uimhearthachta a fhorbairt agus a chur chun cinn lena leanaí. | **RO** | **ITOÉ** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **1.3.4** | Rannpháirtíocht leanaí, daoine óga agus teaghlach i ngníomhaíochtaí léitheoireachta a mhéadú agus chuige sin leathnú a dhéanamh ar an gclár um Cheart chun Léamh agus ar Líonraí Áitiúla an Chirt chun Léamh. | **GBRÁ, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, RFTP** | | **Leanúnach** |
| **1.3.5** | Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le clár leathnaithe de sheirbhísí tacaíochta leabharlainne chuig suíomhanna FCL agus chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. | **GBRÁ, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí, RFTP, RLCMLÓ** | | **Leanúnach** |
| **1.3.6** | Oibriú le lucht gnó agus tionsclaíochta chun litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach a fheabhsú do gach foghlaimeoir. | **RO, RLCMLÓ** | **Lucht Gnó agus Tionsclaíochta** | **Gearrthéarmach go dtí fadtéarmach** |
| **1.3.7** | Leanúint ar aghaidh ag spreagadh seirbhísí óige agus ag tacú leo chun oiliúint in inniúlacht dhigiteach a sholáthar dá gcuid ball, go háirithe maidir le mífhaisnéis a aithint ar líne. | **RLCMLÓ** | **Eagraíochtaí óige** | **Leanúnach** |
| **1.3.8** | Athbhreithniú a dhéanamh ar scéim na Lárionad Eolais don Óige lena chinntiú go dtacaítear le daoine óga chun rochtain a fháil ar eolas atá cruinn agus ábhartha. | **RLCMLÓ** | **Eagraíochtaí óige, BOOanna** | **Gearrthéarmach** |

# **Colún 2:** Tacú le cleachtas gairmiúil oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus múinteoirí

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.3: Feabhas a chur ar thorthaí litearthachta, uimhearthachta agus inniúlachta digití na bhfoghlaimeoirí agus chuige sin úsáid a bhaint as tacaíochtaí pobail.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **2.1.1** | Foghlaim ghairmiúil a sholáthar agus pobail de chleachtas gairmiúil agus foghlaim i gcomhar a éascú, chun tuilleadh feabhais a chur ar eolas oideolaíoch. eolas ar ábhar agus scileanna oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus múinteoirí i réimsí na litearthachta, na huimhearthachta agus na hinniúlachta digití. | RO, RLCMLÓ | Oide, CNCM, CNOS, ITOÉ, Tús Níos Fearr, CCCanna | Leanúnach |
| **2.1.2** | Foghlaim ghairmiúil bhreise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go céimneach d'oideoirí luathbhlianta agus d'fheighlithe leanaí ar theanga agus ar an litearthacht, STEM agus na hEalaíona tríd an TNSA. | RLCMLÓ | Tús Níos Fearr, CCCanna | Gearrthéarmach go dtí meántéarmach |
| **2.1.3** | Clár Hanen a athbhreithniú, iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann lena chur i bhfeidhm go céimneach ar bhonn náisiúnta i ngach suíomh FCL. | RLCMLÓ | Tús Níos Fearr, Tusla, FSS | Meántéarmach go dtí fadtéarmach |
| **2.1.4** | Foghlaim ghairmiúil a sholáthar chun tacú le agus cur le heolas oideolaíoch, curaclaim agus ábhair do gach múinteoir bunscoile maidir le Nuatheangacha Iasachta mar chuid de Churaclam Teanga na Bunscoile. | RO | TIÉ, Oide, CNOS, CNCM | Gearrthéarmach go dtí meántéarmach |
| **2.1.5** | Ábhar foghlama agus tacaíochta gairmiúla a sholáthar d'oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus do mhúinteoirí maidir le guth, gníomhaíocht agus rannpháirtíocht an fhoghlaimeora agus conas is féidir leis teagasc, foghlaim agus measúnú sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach a mhúnlú. | RO, RLCMLÓ | Oide, CNOS, CNCM,Tús Níos Fearr, CCCanna | Leanúnach |
| **2.1.6** | A chinntiú go ndéantar foghlaim ghairmiúil sholúbtha dhifreáilte a sholáthar ar bhonn leanúnach chun feabhas a chur ar scileanna inniúlachta digití oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus múinteoirí. | RO, RLCMLÓ | Oide, CNOS, Tús Níos Fearr, CCCanna | Leanúnach |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2.1: A chinntiú go gcuirtear raon d'eispéiris foghlama ghairmiúla sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach ar fáil d'oideoirí luathbhlianta, d'fheighlithe leanaí agus do mhúinteoirí.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **2.1.7** | Leanúint d'fhoghlaim ghairmiúil a sholáthar do mhúinteoirí a fheabhsaíonn tuiscint, scileanna agus gnóthachtáil foghlaimeoirí san uimhearthacht, lena n-áirítear coincheapa a bhaineann le cruth agus spás agus sonraí. | **RO** | **Oide, CNOS** | **Leanúnach** |
| **2.1.8** | Tacú le scileanna Béarla i measc oideoirí luathbhlianta agus cleachtóirí cúraim leanaí in aois scoile atá ag obair i suíomhanna Béarla chun gur féidir ceanglais rialála maidir le hinniúlacht sa Bhéarla a thabhairt isteach thar thréimhse chuí. | **RLCMLÓ** | **OGT, Tusla** | **Meántéarmach go dtí fadtéarmach** |
| **2.1.9** | Foghlaim ghairmiúil a sholáthar d'oideoirí luathbhlianta agus d'fheighlithe leanaí a leagann amach a bhfuil i gceist le cleachtas measúnaithe, agus conas é a chur i bhfeidhm go héifeachtach. | **RLCMLÓ** | **CNCM, Tús Níos Fearr** | **Leanúnach** |
| **2.1.10** | Treoir a fhorbairt maidir le cleachtais mheasúnaithe ag leibhéal na bunscoile agus na hiar bhunscoile do cheannairí scoile, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus d'fhoghlaimeoirí. | **RO** | **FTO, CNCM** | **Meántéarmach go dtí fadtéarmach** |
| **2.1.10a** | Leanúint de thacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*. | **RO** | **Oide, CNOS** | **Leanúnach** |
| **2.1.10b** | Tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí maidir le comhtháthú na huimhearthachta ar fud an churaclaim ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. | **RO** | **CNCM, Oide, CNOS** | **Meántéarmach go dtí fadtéarmach** |
| **2.1.11** | Tacú le múinteoirí chun foghlaimeoirí a chumasú le bheith ina bhfoghlaimeoirí digiteacha muiníneacha agus inniúla. Áirítear leis seo go mbeidh foghlaimeoirí in ann rochtain a fháil ar eolas agus iniúchadh a dhéanamh air, é a bhainistiú, a thuiscint, a chomhtháthú, a chur in iúl, a mheas, a chruthú agus a scaipeadh go sábháilte agus go cuí trí theicneolaíochtaí digiteacha. | **RO** | **Oide, CNOS, Webwise, ITOÉ** | **Leanúnach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2.1: A chinntiú go gcuirtear raon d'eispéiris foghlama ghairmiúla sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach ar fáil d'oideoirí luathbhlianta, d'fheighlithe leanaí agus do mhúinteoirí.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **2.1.12** | Cur ar chumas múinteoirí díriú ar thuiscint airgeadais ar fud an churaclaim ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. | **RO** | **Oide, CNOS, CNCM** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2.2: Dul i ngleic le hoideachas gairmiúil tosaigh (OGT) agus le hoideachas tosaigh múinteoirí (OTM) maidir le litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach a chuimsiú i ngach clár FCL, bunscoile agus iar bhunscoile.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **2.2.1** | Treoirlínte a sholáthar do sholáthraithe OGT maidir le teanga, litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach i gcláir OGT d'oideoirí | **RLCMLÓ** | **RO, OGT Soláthraithe** | **Meántéarmach** |
| **2.2.2** | Dul i mbun plé le soláthraithe OTM maidir le comhtháthú na bpríomhréimsí maidir le litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach i gcláir OTM. | **RO** | **Soláthraithe OTM, an Chomhairle Mhúinteoireachta** | **Gearrthéarmach** |
| **2.2.3** | Naisc idir Oide agus CNOS agus soláthraithe OTM a neartú chun dea-chleachtas sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach a chur chun cinn. | **RO** | **Oide, Soláthraithe OTM, CNOS** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2.3: Eispéiris ghairmiúla foghlama a sholáthar chun dul i ngleic le riachtanais i réimsí inniúlachta Gaeilge agus dea-chleachtais i dteagasc, foghlaim na agus measúnú na Gaeilge agus trí Ghaeilge.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **2.3.1** | Leanúint de dheiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge chun dul i mbun staidéir agus taighde iarchéime ar an scolaíocht lán-Ghaeilge agus ar an tumoideachas, agus ar oideolaíocht teanga maidir le foghlaimeoirí arb í an Ghaeilge an chéad/an dara teanga atá acu de réir chur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 20172022. | **RO** | **COGG** | **Leanúnach** |
| **2.3.2** | Tacú le forbairt a dhéanamh ar chláir nó modúil um oideachas tosaigh gairmiúil in FCL a ndéantar iad a reáchtáil trí mheán na Gaeilge (ag leibhéal 58). | **RLCMLÓ, RTCEGSM** | **Soláthraithe OGT, RO** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **2.3.3** | Nuair is féidir, bíodh ábhair, ábhair acmhainní, acmhainní agus tacaíochtaí PL d'oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus cleachtóirí CLAS ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. | **RLCMLÓ** | **Tús Níos Fearr, CCCanna, Eagraíochtaí ábhartha** | **Leanúnach** |
| **2.3.4** | Déanfar iniúchadh ar thacaíochtaí i leith inniúlacht Ghaeilge na foirne atá ag obair i seirbhísí FCL agus CLAS, tar éis sonraí tosaigh ar inniúlacht teanga a bhailiú. | **RLCMLÓ** | | **Meántéarmach go dtí fadtéarmach** |
| **2.3.5** | Fóram sainchomhairleoireachta a bhunú chun comhoibriú agus saineolas sholáthraithe agus ar lucht déanta polasaí OTM a roinnt maidir le torthaí foghlama ó chláir OTM a bhaint amach agus ar an bhfianaise atá ar fáil ar an gcaighdeán ag am imeachta, ag cuimhneamh ar neamhspleáchas HEI, i réimsí lena n-áirítear an Ghaeilge (i scoileanna Béarla, scoileanna lán-Ghaeilge agus suíomhanna Gaeltachta). | **RO** | **An Chomhairle Mhúinteoireacht a, soláthraithe OTM agus páirtithe leasmhara eile** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **2.3.6** | Eispéiris ghairmiúla foghlama maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge a chur chun cinn agus a sholáthar do mhúinteoirí bunscoile agus múinteoirí Gaeilge in iar bhunscoileanna. | **RO** | **ITOÉ, COGG** | **Leanúnach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2.3: Eispéiris ghairmiúla foghlama a sholáthar chun dul i ngleic le riachtanais i réimsí inniúlachta Gaeilge agus dea-chleachtais i dteagasc, foghlaim na agus measúnú na Gaeilge agus trí Ghaeilge.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **2.3.7** | Tacaíocht níos leithne a sholáthar do thionscnaimh a spreagann úsáid na Gaeilge i scoileanna e.g., Gaelbhratach. | **RO** | **COGG** | **Leanúnach** |
| **2.3.8** | Forbairt polasaí nua a thacaíonn le hoideachas lánGaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a thabhairt chun críche. | **RO** | **COGG, RLCMLÓ** | **Gearrthéarmach** |
| **2.3.9** | Plean gníomhaíochta a fhorbairt chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna Béarla. | **RO** | | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **2.3.10** | Leanúint d'fhoghlaim ghairmiúil a sholáthar do mhúinteoirí bunscoile i ngaelscoileanna maidir le dea chleachtas sa tumoideachas. | **RO** | **Oide, COGG, ITOÉ** | **Leanúnach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2.4: Eispéiris agus tacaíochtaí foghlama gairmiúla a sholáthar chun glacadh le héagsúlacht agus le cleachtais ilteangacha agus ilchultúrtha.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **2.4.1** | Tacú le hoideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus múinteoirí chun glacadh le hilteangachas agus cleachtais ilchultúrtha lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta curaclaim a fheabhsú | **RO, RLCMLÓ** | **TIÉ, COGG, Oide, CNCM, Tús Níos Fearr, CCCanna** | **Leanúnach** |

# **Colún 3:** Tacú le ceannaireacht i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige agus sa chóras scoile

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **3.1: Tacaíocht bhreise a thabhairt d'fhoirne ceannaireachta chun cultúir chomhoibríocha a chothú a spreagann foghlaim, teagasc agus measúnú na litearthachta, na huimhearthachta agus na hinniúlachta digití.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **3.1.1** | Creat cáilíochta comhtháite amháin a fhorbairt le haghaidh FCL mar chomhchreat tagartha do na gníomhaíochtaí cigireachta go léir agus don fhéinmheastóireacht ag suíomhanna FCL. | **RLCMLÓ** | **RO, Tusla, Tús Níos Fearr, CNCM** | **Meántéarmach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **3.2: Tacaíocht bhreise a thabhairt i leith chumas na gceannairí monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar eispéiris agus ar thorthaí foghlaimeoirí sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **3.2.1** | Tacaíocht a sholáthar do shuíomhanna FCL agus do cheannairí scoile agus cleachtais reatha litearthachta, uimhearthachta agus inniúlachta digití a athbhreithniú agus a fheabhsú, lena n-áirítear timpeallachtaí ilteangacha agus ilchultúrtha a fhorbairt. | **RO, RLCMLÓ** | **Oide, Tús Níos Fearr, CCCanna** | **Leanúnach** |
| **3.2.2** | Tacaíocht d'fhoirne ceannaireachta scoile a fheabhsú chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar litearthacht mheasúnaithe agus ar chleachtais mheasúnaithe i gcomhthéacsanna teagaisc agus foghlama lena n-áirítear: tuiscint ar shonraí a fheabhsú chun cabhrú le sonraí a bhailiú, a anailísiú agus a léirmhíniú go héifeachtach, spriocanna a bhfuil teorainn ama leo agus atá intomhaiste a leagan síos chun monatóireacht a dhéanamh ar fheabhsú, torthaí idirghabhálacha a thomhas agus machnamh a dhéanamh orthu i gcomhairle le foghlaimeoirí, nuair is cuí. | **RO** | **Oide, CNOS** | **Leanúnach** |

| Cuspóir<br>**3.2: Tacaíocht bhreise a thabhairt i leith chumas na gceannairí monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar eispéiris agus ar thorthaí foghlaimeoirí sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach.** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **3.2.3** | Tacú le ceannairí scoile i scoileanna Béarla maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga chumarsáide i rith an lae scoile a mhéadú. | **RO** | **Oide, COGG** | **Leanúnach** |
| **3.2.4** | Glacadh na scoile uile le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim agus cleachtais chuimsitheacha eile a spreagadh chun tacú le litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach. | **RO** | **Oide, CNOS** | **Leanúnach** |

| Cuspóir<br>**3.3: An leanúnachas a neartú in aistear foghlama litearthachta, uimhearthachta agus inniúlachta digití leanaí agus daoine óga.** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **3.3.1** | Treoir a fhorbairt maidir le haistriú ag gach céim, ón mbaile go dtí an iar bhunscoil, agus tacú le ceannairí suíomhanna FCL agus scoile chun cleachtais aistrithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm. | **RLCMLÓ, RO** | **CNOS, Tús Níos Fearr, CCCanna** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **3.3.2** | Pobail de chleachtas gairmiúil agus foghlaim i gcomhar a éascú do cheannairí suíomhanna FCL agus scoile chun cáilíocht an tsoláthair don litearthacht, don uimhearthacht agus don inniúlacht dhigiteach a fheabhsú. | **RO, RLCMLÓ** | **ITOÉ, Oide, CNOS, Tús Níos Fearr, CCCanna** | **Meántéarmach go dtí fadtéarmach** |

# **Colún 4:** Eispéireas an fhoghlaimeora a fheabhsú trí churaclam, oideolaíocht agus measúnú

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **4.1: Leanúnachas agus dul chun cinn sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach a chinntiú do gach foghlaimeoir trí thacú le hoideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus múinteoirí maidir leis na creatchuraclaim a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **4.1.1** | Rannpháirtíocht leis an Aistear nuashonraithe, le Creatchuraclam na Luath-Óige, Creatchuraclam na Bunscoile, Creat na Sraithe Sóisearaí, agus Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a chinntiú, lena n-áirítear soláthar na foghlama gairmiúla chun dul chun cinn an fhoghlaimeora sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach a chinntiú. | **RLCMLÓ, RO** | **CNCM, Tús Níos Fearr, CCCanna, CNOS, Oide, ITOÉ** | **Leanúnach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **4.2: Scileanna teanga na bhfoghlaimeoirí sa Ghaeilge a fheabhsú trí eispéiris foghlama a fheabhsú.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **4.2.1** | Plean cuimsitheach a cheapadh agus a fhoilsiú agus tacaíochtaí a chur ar fáil do sholáthar na Gaeilge do FCL agus CLAS. | **RLCMLÓ** | **RTCEGSM, RO** | **Leanúnach** |
| **4.2.2** | A chinntiú go bhfuil teacht ar sholáthar FCL agus CLAS trí mheán na Gaeilge i gceantair Ghaeltachta. | **RLCMLÓ** | **RTCEGSM** | **Leanúnach** |
| **4.2.3** | Córais a fhorbairt chun tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil do sholáthar FCL áit a bhfuil sciar mór de na leanaí ag foghlaim trí mheán na Gaeilge. | **RLCMLÓ** | **RTCEGSM** | **Leanúnach** |
| **4.2.4** | Úsáid foghlaim chomhtháite ábhair agus teangacha FCÁT a leathnú i suíomhanna FCL agus i scoileanna chun foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn. | **RO, RLCMLÓ** | **COGG, Tús Níos Fearr, ITOÉ, Oide** | **Leanúnach** |
| **4.2.5** | Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar acmhainní tacaíochta curaclaim sa bhunscoil agus san iar bhunscoil chun eispéiris na bhfoghlaimeoirí sa Ghaeilge a fheabhsú. | **RO** | **CNCM, CNOS, COGG** | **Leanúnach** |

| Cuspóir<br>**4.2: Scileanna teanga na bhfoghlaimeoirí sa Ghaeilge a fheabhsú trí eispéiris foghlama a fheabhsú.** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **4.2.6** | Sraith d'uirlisí measúnuithe Gaeilge a fhorbairt chun tacú le heispéiris foghlama éifeachtacha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. | **RO** | **FTO** | **Gearrthéarmach go dtí fadtéarmach** |

| Cuspóir<br>**4.3: Leanúint de thacú le foghlaimeoirí agus iad ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha go sábháilte agus go heiticiúil ar bhealach muiníneach agus cumasach.** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **4.3.1** | Comhairliúchán Poiblí a chur i gcrích agus ráiteas beartais náisiúnta a fhorbairt maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus na foghlama digití i bhfoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, ag tógáil ar ECFE (2023) *Ag Cumasú Leanaí Óga san Aois Dhigiteach*. | **RLCMLÓ** | **RO** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **4.3.2** | Foghlaimeoirí a chumasú le bheith ina bhfoghlaimeoirí digiteacha muiníneacha agus inniúla i ngach gné den fhoghlaim, leis na scileanna cuí chun dul i ngleic leis an saol i ndomhan atá ag éirí níos digití, ar bhealach sábháilte eiticiúil de réir na gcuspóirí atá leagtha amach sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027. | **RO** | **Oide, CNOS, Webwise, ITOÉ** | **Leanúnach** |

| Cuspóir<br>**4.4: Rannpháirtíocht agus spreagadh na bhfoghlaimeoirí a chur chun cinn ina n-aistear foghlama litearthachta, uimhearthachta agus inniúlachta dhigití.** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **4.4.1** | A chinntiú go gcuireann eispéiris an fhoghlaimeora sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach deiseanna foghlama ó thaithí chun cinn, lena n áirítear trí shúgradh, réiteach fadhbanna, fiosrú, smaointeoireacht chriticiúil agus foghlaim bunaithe ar thionscadail. | **RO** | **Oide, CNOS, CNCM, ITOÉ** | **Leanúnach** |
| **4.4.2** | Sineirgí a chothú idir an straitéis don Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach agus straitéisí digiteacha eile lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe – OFI go dtí 2030, Ráiteas Polasaí um Oideachas STEM 2017-2024 agus Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027. | **RO, RLCMLÓ, RBATNE** | | **Leanúnach** |

| Cuspóir<br>**4.5: Eispéiris foghlaimeoirí a sholáthar a théann i ngleic le difríochtaí inscne maidir le meonta, muinín agus gnóthachtáil, réimsí fócais aitheanta sa mhatamaitic agus sa litearthacht.** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **4.5.1** | Taighde a choimisiúnú agus a úsáid chun tacú le forbairt beartais i dtaca leis an léitheoireacht ar mhaithe le pléisiúr, go háirithe i measc na bhfireannach, agus muinín agus dearcthaí i leith na matamaitice, go háirithe i measc na mbaineannach. | **RO, RLCMLÓ** | **FTO, CNCM, Tús Níos Fearr, CCCanna, GBRÁ, Seirbhís na Leabharlainne Poiblí** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **4.5.2** | Slite beatha a bhaineann leis an uimhearthacht a chur chun cinn i measc foghlaimeoirí, go háirithe baineannaigh. | **RO** | | **Leanúnach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **4.5: Eispéiris foghlaimeoirí a sholáthar a théann i ngleic le difríochtaí inscne maidir le meonta, muinín agus gnóthachtáil, réimsí fócais aitheanta sa mhatamaitic agus sa litearthacht.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **4.5.3** | Níos mó deiseanna a sholáthar ag leibhéal na scoile d'eispéiris foghlama ghníomhacha i dtomhas agus i gcéimseata (cruth agus spás) agus sonraí. | **RO** | **CNCM, Oide, CNOS, ITOÉ** | **Leanúnach** |
| **4.5.4** | Úsáid láimhseog a chur chun cinn ag leibhéal na scoile (fíorúla agus fisiciúla) chun tacú le príomhchoincheapa matamaitice a fhoghlaim. | **RO** | **CNCM, Oide, CNOS, ITOÉ** | **Leanúnach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **4.6: Machnamh a dhéanamh ar conas is féidir le modhanna measúnaithe éagsúla feabhas a chur ar eispéireas an fhoghlaimeora sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach..** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **4.6.1** | Tacú le foghlaimeoirí chun ról gníomhach a bheith acu i measúnú a gcuid foghlama litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití, lena n-áirítear tuiscint níos fearr ar an gcaoi a dtacaíonn measúnú (lena n-áirítear measúnú digiteach, nuair is cuí) lena gcuid foghlama agus conas féinmheasúnú a dhéanamh ar a ndul chun cinn. | **RO, RLCMLÓ** | **CNCM, Oide, CNOS, Tús Níos Fearr, príomhpháirtithe leasmhara eile** | **Leanúnach** |
| **4.6.2** | Nuashonrú a dhéanamh ar na rialacháin a bhaineann le tástáil chaighdeánaithe ag an mbunleibhéal, lena n-áirítear trialacha léitheoireachta Gaeilge a athfhorbairt agus a chaighdeánú chun tacú le dul chun cinn an fhoghlaimeora. | **RO** | **FTO** | **Meántéarmach go dtí fadtéarmach** |

# **Colún 5:** Tacú le foghlaimeoirí éagsúla barr a gcumais a bhaint amach

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.1: A chur ar chumas foghlaimeoirí éagsúla rochtain a fháil ar eispéiris foghlama d'ardchaighdeán sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **5.1.1** | A chinntiú go n-áirítear modúil foghlama leis an oideachas tosaigh gairmiúil d'oideoirí luathbhlianta agus le cláir foghlama ghairmiúla leanúnaí d'oideoirí luathbhlianta agus d'fheighlithe leanaí, ar modúil foghlama iad a bhaineann le luachanna cultúrtha uathúla na ngrúpaí eitneacha mionlaigh (lena n-áirítear an Lucht Siúil agus Romaigh) agus conas is fearr tacú le leanaí ó na grúpaí seo lena bhfoghlaim sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach. | **RLCMLÓ** | **Soláthraithe OGT, Tús Níos Fearr, CCCanna** | **Meántéarmach go dtí fadtéarmach** |
| **5.1.2** | A chinntiú go gcuirfidh gach mac léinn atá cláraithe ar chláir um oideachas tosaigh múinteoirí (OTM), idir bhunleibhéil agus iar-bhunleibhéil, eolas ar bhunghnéithe an oideachais chuimsithigh de réir *Céim*: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí. | **RO** | **An Chomhairle Mhúinteoireacht a, soláthraithe OTM** | **Leanúnach** |
| **5.1.3** | Leanúint ar aghaidh leis an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (SRC) a fheidhmiú go céimneach agus é a leathnú ar bhonn céimnithe chuig leanaí lasmuigh den chlár COLÓ. | **RLCMLÓ** | **Tús Cothrom FSS, CCCanna** | **Leanúnach** |
| **5.1.4** | Tacú le hoideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus le múinteoirí freagairt ar an bpointe do riachtanais leanaí a bhfuil deacrachtaí teanga litearthachta agus uimhearthachta acu, go háirithe le linn an aistrithe ó FCL go dtí an bhunscoil, agus chun cláir thacaíochta um chosc agus luath-idirghabháil a fheidhmiú ag an mbunleibhéal, de réir mar is cuí. | **RO, RLCMLÓ** | **Oide, CNCM, CNOS, FTO, FTO, Tús Níos Fearr** | **Leanúnach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.1: A chur ar chumas foghlaimeoirí éagsúla rochtain a fháil ar eispéiris foghlama d'ardchaighdeán sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **5.1.5** | Tuarascáil ón gComhairle Mhúinteoireachta a choimisiúnú ar chaighdeáin, ar cháilíocht agus ar dhea-chleachtas in oideachas tosaigh múinteoirí, bunaithe ar thorthaí ó thimthriall creidiúnaithe gach cláir um oideachais tosaigh múinteoirí, le béim ar leith ar chroí-eilimint an oideachais chuimsithigh. | **RO** | **An Chomhairle Mhúinteoireachta** | **Gearrthéarmach** |
| **5.1.6** | Conairí curaclaim a fheabhsú tuilleadh chun tacú le riachtanais éagsúla na bhfoghlaimeoirí agus iad ag bogadh ar aghaidh ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach. | **RO** | **CNOS** | **Leanúnach** |
| **5.1.7** | Leanúint de bheith ag cur dlús le hiarrachtaí chun an t-eispéireas foghlama agus na torthaí sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach a fheabhsú dóibh siúd atá i mbaol ó mhíbhuntáiste oideachais. | **RO** | **Oide** | **Leanúnach** |
| **5.1.8** | 5.1.8 An straitéis a thiocfaidh i gcomharbas ar an tStraitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach (SNCLSR) 2017  2021 a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm. | **RLCMLÓ** | **RO, RBATNE, RS, RDC, RTRÁO, RFTP, RTCEGSM, RCS, Tusla, FSS, CNOS, páirtithe leasmhara eile** | **Gearrthéarmach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.1: A chur ar chumas foghlaimeoirí éagsúla rochtain a fháil ar eispéiris foghlama d'ardchaighdeán sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **5.1.9** | An Straitéis um Nuálaíocht Uathachais agus an straitéis a thiocfaidh i gcomharbas ar an tStraitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017 2021 a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm. | RLCMLÓ ag Comhordú, Gach Roinn | Gach Roinn, daoine Uathacha, An Grúpa Maoirseachta agus Comhairleach don Straitéis um Nuálaíocht Uathachais, Eagraíochtaí Daoine atá faoi Míchumas, Daoine atá faoi Mhíchumas, Scáthghrúpaí Míchumais agus soláthraithe seirbhísí, tuismitheoirí agus teaghlaigh agus gach gníomhaireacht agus eagraíocht ábhartha eile. | Gearrthéarmach |
| **5.1.10** | Feasacht a mhúscailt maidir le hoiriúnacht na gaelscolaíochta do gach foghlaimeoir, lena n áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu agus iad siúd nach bhfuil an Béarla ná an Ghaeilge mar theanga bhaile acu. | RO | COGG, CNOS | Leanúnach |
| **5.1.11** | Leanúint ar aghaidh ag maoiniú taighde chun tacú le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu i scoileanna lán Ghaeilge. teanga. | RO | COGGS | Leanúnach |
| **5.1.12** | A chinntiú go ndéantar réimse de dheiseanna foghlama atá cuí agus ar ardchaighdeán a sholáthar d'fhoghlaimeoirí atá éagsúil chun a bheith rannpháirteach sa Ghaeilge agus sa chultúr Gaelach. | RO | COGG, CNOS | Gearrthéarmach go dtí meántéarmach |
| **5.1.13** | Taighde ar chleachtais éifeachtacha litearthachta a choimisiúnú chun tacú le foghlaimeoirí i scoileanna DEIS. | RO | | Meántéarmach go dtí fadtéarmach |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.1: A chur ar chumas foghlaimeoirí éagsúla rochtain a fháil ar eispéiris foghlama d'ardchaighdeán sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **5.1.14** | Tacú le Pas STEM don Ionchuimsitheacht faoi cheannas Ollscoil Mhá Nuad, a aithníonn eispéiris cailíní ó scoileanna DEIS de réir mar a bhaineann siad amach mioncháilíochtaí in STEM. | **RO** | **Ollscoil Mhá Nuad, SFI** | **Leanúnach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.2: Foghlaim ghairmiúil d'ardchaighdeán a sholáthar d'oideoirí luathbhlianta, d'fheighlithe leanaí agus do mhúinteoirí i gcur chuige éifeachtach a thacaíonn le foghlaimeoirí éagsúla sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **5.2.1** | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCairt agus na Treoirlínte um Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú do Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, agus ar an gclár foghlama gairmiúla gaolmhar, chun díriú níos mó ar chleachtas ilteangach agus ilchultúrtha a chuimsiú. | **RLCMLÓ** | **Tús Níos Fearr, CCCanna** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **5.2.2** | Clár ionduchtaithe a bhunú do mhúinteoirí nuacheaptha oideachais speisialta i scoileanna chun iad a threorú maidir le spriocanna a shocrú, cláir thacaíochta oiriúnacha a chur i bhfeidhm, agus rianú thorthaí na bhfoghlaimeora (lena n-áirítear foghlaimeoirí sárchumasacha) i réimsí na litearthachta agus na huimhearthachta. | **RO** | **CNOS** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **5.2.3** | Feabhas a chur ar acmhainní do mhúinteoirí iar bhunscoile a chuireann ceachtanna tacaíochta ar fáil d'fhoghlaimeoirí éagsúla, le fócas ar litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach. | **RO** | **CNOS, Oide, ITOÉ** | **Leanúnach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.2: Foghlaim ghairmiúil d'ardchaighdeán a sholáthar d'oideoirí luathbhlianta, d'fheighlithe leanaí agus do mhúinteoirí i gcur chuige éifeachtach a thacaíonn le foghlaimeoirí éagsúla sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **5.2.4** | Leanúint de thacaíochtaí gairmiúla a sholáthar do mhúinteoirí i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta maidir le dea-chleachtas ó thaobh na litearthachta, na huimhearthachta agus na hinniúlachta digití de. | **RO** | **CNOS, Oide, ITOÉ** | **Leanúnach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.3: Leanúint de thacaíochtaí a fheabhsú dóibh siúd atá i mbaol ó mhíbhuntáiste oideachais, d'fhoghlaimeoirí ó chúlraí eitneacha agus cultúrtha éagsúla, chun torthaí a fheabhsú agus bearnaí gnóthachtála a íoslaghdú sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **5.3.1** | Tús Cothrom a fhoilsiú agus tús a chur lena fheidhmiú, ar clár é ina dtabharfar tacaíocht do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste le bearta atá dírithe ar an leanbh agus ar an suíomh. | **RLCMLÓ** | **Tús Níos Fearr** | **Gearrthéarmach** |
| **5.3.1a** | A chinntiú go gcothaítear pátrúin rollaithe agus rannpháirtíochta dearfacha i suíomhanna FCL a luaithe agus is féidir, go háirithe i measc na ngrúpaí is lú atá rannpháirteach ar nós an Lucht Siúil agus na Romach, mar chuid den Tús Cothrom. | **RLCMLÓ** | **Tús Níos Fearr** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **5.3.1b** | Uasmhéadú a dhéanamh ar an gcumas atá ag Tús Cothrom torthaí sa teanga, sa litearthacht agus san uimhearthacht a fheabhsú do leanaí atá i mbaol ó mhíbhuntáiste oideachais. | **RLCMLÓ** | **Tús Níos Fearr** | **Meántéarmach go dtí fadtéarmach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.3: Leanúint de thacaíochtaí a fheabhsú dóibh siúd atá i mbaol ó mhíbhuntáiste oideachais, d'fhoghlaimeoirí ó chúlraí eitneacha agus cultúrtha éagsúla, chun torthaí a fheabhsú agus bearnaí gnóthachtála a íoslaghdú sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **5.3.2** | Leanúint de bheith ag obair i dtreo feabhas a chur ar thorthaí do leanaí agus do dhaoine óga atá i mbaol ó mhíbhuntáiste oideachais, lena n áirítear úsáid a bhaint as idirghabhálacha éifeachtacha litearthachta agus uimhearthachta na scoile uile, mar chuid den chlár DEIS | **RO** | | **Leanúnach** |
| **5.3.3** | Clubanna iarscoile a chur chun cinn tríd an gClár Críochnaithe Scoile i scoileanna DEIS, clubanna a chuireann rannpháirtíocht chun cinn trí leabhair a sholáthar do leanaí a roghnaíonn siad féin. | **RO** | **Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla** | **Leanúnach** |
| **5.3.4** | An fhoghlaim ó thionscadail amhail an clár City Connects a leathnú chuig ceantair eile atá faoi mhíbhuntáiste suntasach sóisialta agus eacnamaíoch. | **RO, RLCMLÓ** | **Tusla** | **Fadtéarmach** |
| **5.3.5** | Early Talk Boost a fheidhmiú go céimneach i suíomhanna atá ainmnithe don Tús Cothrom. | **RLCMLÓ** | **Tús Níos Fearr, Tusla** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **5.3.6** | Feasacht a mhúscailt maidir le cleachtais éifeachtacha i dtaobh an aistrithe agus maidir le tacaíochtaí atá ar fáil chun cabhrú le leanaí a bhfuil riachtanais éagsúla acu, lena dtuismitheoirí, oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus múinteoirí chun leanúnachas sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach a chur chun cinn. | **RO, RLCMLÓ** | **CNOS, CCCanna, Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla, Tús Níos Fearr** | **Gearrthéarmach go dtí meántéarmach** |
| **5.3.7** | Bileoga eolais maidir le hábhair agus gairmeacha a fhorbairt, do leanaí bunscoile agus dá dtuismitheoirí ar féidir iad a sholáthar roimh an aistriú fíorthábhachtach chuig an iar bhunscoil. | **RO** | | **Gearrthéarmach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.3: Leanúint de thacaíochtaí a fheabhsú dóibh siúd atá i mbaol ó mhíbhuntáiste oideachais, d'fhoghlaimeoirí ó chúlraí eitneacha agus cultúrtha éagsúla, chun torthaí a fheabhsú agus bearnaí gnóthachtála a íoslaghdú sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **5.3.8** | Na naisc atá ann faoi láthair idir SRC agus CNOS a scrúdú, chun nasc agus comhoibriú níos fearr a chothú ar fud na samhlacha, nuair a bheidh treoir á forbairt ar aistriú chun tacú leis an litearthacht, an uimhearthacht agus an inniúlacht dhigiteach. | RLCMLÓ | RO, CNOS, Tús Níos Fearr | Gearrthéarmach go dtí meántéarmach |
| **5.3.9** | Curaclam a fhorbairt ag leibhéal na bunscoile agus na hiar bhunscoile do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann chun tacú le foghlaim TCÉ, chomh maith le foghlaim i réimsí eile d'úsáideoirí TCÉ. | RO | CNOS, CNCM | Fadtéarmach |
| **5.3.10** | Caighdeáin cháilíochta a bhunú sa teagasc agus san fhoghlaim d'fhoghlaimeoirí bodhra/lagéisteachta chun torthaí níos fearr a chinntiú sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach. | RO | CNOS, CNCM | Meántéarmach |
| **5.3.11** | Athbhreithniú a dhéanamh ar na hábhair threorach atá ann faoi láthair chun a leordhóthanacht a mheas agus bearnaí ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, agus é mar chuspóir aige sin an gá atá le hacmhainní breise a chinneadh. | RO | CNOS, eagraíochtaí tacaíochta eile amhail Cumann Disléicse na hÉireann, | |
| **5.3.12** | Leanúint den phlé le heagraíochtaí náisiúnta atá ag déanamh ionadaíochta thar ceann na bpobal a bhfuil a leanaí i mbaol ó mhíbhuntáiste oideachais, e.g , Pobail an Lucht Siúil agus na Romach, eagraíochtaí míchumais, etc., lena chinntiú gur féidir lena n-eispéiris agus lena gcuid saineolais cur leis an tairiscint ar thacaíochtaí níos fearr. | RLCMLÓ, RO | Eagraíochtaí ionadaíochta náisiúnta don Lucht Siúil, Romaigh agus pobail imirceach, eagraíochtaí ionadaíochta náisiúnta don mhíchumas, gach eagraíocht ábhartha eile. | Leanúnach |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.4: Tuilleadh deiseanna a chur ar fáil don fhoghlaim chomhtháite i dtaobh scileanna litearthachta, uimhearthachta agus inniúlachta digití chun neamhspleáchas a chur chun cinn d'fhoghlaimeoirí éagsúla.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **5.4.1** | Treoir, comhairle agus foghlaim ghairmiúil a sholáthar d'oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí agus múinteoirí maidir le teicneolaíocht chúnta agus cumarsáid bhreisitheach agus mhalartach a úsáid le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais éagsúla acu, chun eispéireas an fhoghlaimeora agus torthaí sa litearthacht, san uimhearthacht agus san inniúlacht dhigiteach a fheabhsú. | **RO, RLCMLÓ** | **CNOS, Tús Níos Fearr** | **Meántéarmach go dtí fadtéarmach** |
| **5.4.2** | Treoir, comhairle agus foghlaim ghairmiúil a sholáthar do mhúinteoirí chun tacú le foghlaimeoirí lagamhairc agus iad ag déanamh a roghanna litearthachta, e.g,. braille, cló, closamhairc, meascán, roghanna a bheidh faoi threoir ag leibhéil radhairc an fhoghlaimeora. | **RO** | **CNOS** | **Leanúnach** |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.5: Tacú le foghlaimeoirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu le páirt iomlán a ghlacadh sa churaclam trína riachtanais shóisialta, chognaíocha agus teanga acadúla a aithint.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **5.5.1** | Leanúint d'fhoghlaim ghairmiúil agus d'acmhainní a chur ar fáil do gach oideoir luathbhlianta, feighlí leanaí agus múinteoir chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí BTB, ina n-aithnítear tábhacht na teanga baile mar bhunús don fhoghlaim. | **RO, RLCMLÓ** | **Oide, ITOÉ, Tús Níos Fearr, CCCanna** | **Leanúnach** |
| **5.5.2** | Treoir a sholáthar maidir le dul i ngleic le riachtanais teanga na bhfoghlaimeoirí ar teangacha breise an Béarla agus an Ghaeilge dóibh i suíomhanna lán Ghaeilge, i gceantair sa Ghaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht araon. | **RO, RLCMLÓ** | | **Meántéarmach** |

| Cuspóir | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **5.5: Tacú le foghlaimeoirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu le páirt iomlán a ghlacadh sa churaclam trína riachtanais shóisialta, chognaíocha agus teanga acadúla a aithint.** | | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama | |
| **5.5.3** | Treoir a sholáthar maidir le cleachtais mheasúnaithe chuí lena n áirítear próisis socraithe spriocanna d'fhoghlaimeoirí BTB i ranganna príomhshrutha agus i ranganna tacaíochta. | RO | CNCM, Oide | Meántéarmach go dtí fadtéarmach | |
| **5.5.4** | Athfhorbairt a dhéanamh ar thrialacha scagthástála agus dhiagnóiseacha don luathlitearthacht agus don luathuimhearthacht (leaganacha Gaeilge agus Béarla) chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don chosc agus don idirghabháil luath ag leibhéal na bunscoile. | RO | FTO | Gearrthéarmach go dtí meántéarmach | |

| Cuspóir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5.6: A chinntiú go n-aithnítear foghlaimeoirí sárchumasacha go luath agus go dtugtar dúshlán dóibh agus go dtugtar tacaíocht chuí dóibh go háirithe i réimsí na litearthachta, na huimhearthachta agus na hinniúlachta digiteacha.** | | | | |
| Gníomh | | Príomhfhreagracht | Príomhpháirtithe leasmhara | Achar Ama |
| **5.6.1** | Beartas a cheapadh chun tacú tuilleadh le foghlaimeoirí sárchumasacha. | RO | CNCM, CNOS, RLCMLÓ, Oide páirtithe leasmhara eile | Gearrthéarmach go dtí meántéarmach |
| **5.6.2** | Eiseamláirí, físeáin agus ábhair bhreise a chuimsiú sna hacmhainní tacaíochta curaclaim atá ann cheana féin do mhúinteoirí chun leibhéal an dúshláin a fheabhsú nuair atáthar ag obair le foghlaimeoirí sárchumasacha. | RO | CNCM, CNOS | Meántéarmach |



# Aguisíní

# Aguisín 1 Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| SRC | An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú |
| LAS | Litearthacht d'Aosaigh don Saol |
| CCCanna | Coistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae |
| FCÁT | Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha |
| COGG | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta |
| RLCMLÓ | an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| RO | an Roinn Oideachais |
| RBATNE | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| RS | An Roinn Sláinte |
| RTRÁO | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| RDC | An Roinn Dlí agus Cirt |
| RCS | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| RFTP | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |
| RTCEGSM | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán |
| BTB | Béarla mar Theanga Bhreise |
| COLÓ | Cúram agus Oideachas na Luath-Óige, |
| FTO | An Foras Taighde ar Oideachas |
| ITOÉ | Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann |
| OFI | Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe |
| BOOÉ | Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| IATanna | Ionaid Acmhainní Teaghlaigh |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| OGT | Oideachas Gairmiúil Tosaigh |
| TCÉ | Teanga Chomharthaíochta na hÉireann |
| OTM | Oideachas Tosaigh Múinteoirí |
| GBRÁ | Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil |
| NTI | Nuatheangacha Iasachta |
| ÁNLA | An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| CNOS | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| SNSO | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| SNCLSR | Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach |
| CNT | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí |
| TNSA | Tionscnamh Náisiúnta SíoltaAistear |
| ECFE | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíocht |
| TIÉ | Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann |
| CLAS | Cúram Leanaí in Aois Scoile |
| DUF | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |

# Aguisín 2 – Gluais

| | |
|---|---|
| Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach<br><br>(AAC) | Réimse de mhodhanna cumarsáide ar féidir iad a úsáid chun urlabhra a fheabhsú nó in ionad urlabhra. Bealach cumarsáide ar bith seachas focail ó bhéal a úsáidtear in éineacht le hurlabhra ó bhéal nó in ionad urlabhra ó bhéal. |
| Tús Níos Fearr | Tionscnamh Náisiúnta is ea Tús Níos Fearr Forbairt Náisiúnta Cáilíochta na Luathbhlianta a bhunaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus atá á óstáil ag Pobal. Cuireann Tús Níos Fearr cáilíocht agus ionchuimsiú chun cinn i suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige (FCL) do leanaí ó bhreith go dtí sé bliana d'aois in Éirinn. |
| Comhar Naíonraí na Gaeltachta | Cuireann Comhar Naíonraí na Gaeltachta an bonneagar ar fáil chun seirbhísí luathbhlianta a chur ar fáil as Gaeilge, sa Ghaeltacht, agus cuireann siad seirbhísí riaracháin, tacaíochta agus oiliúna ar fáil do sheirbhísí, tuismitheoirí, coistí agus pobail na Gaeltachta. |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna  plean gnímh na Roinne Oideachais do chuimsiú oideachais. |
| Foghlaimeoirí Éagsúla | Foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu, lena n-áirítear míchumas ginearálta foghlama, míchumas ginearálta foghlama atá éadrom, measartha nó trom, míchumas sonrach foghlama lena n-áirítear míchumas a bhaineann go sonrach le litearthacht agus uimhearthacht,iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu maidir le lagú éisteachta agus amhairc, iad siúd a thagann ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch, iad siúd atá ag foghlaim Béarla mar dhara teanga agus iad siúd atá thar a bheith cumasach agus mar thoradh air sin go bhfuil an duine ag foghlaim ar bhealach atá éagsúil le duine nach bhfuil sa riocht sin. |
| Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige(FCL) | Déantar Foghlaim agus Cúram na LuathÓige (FCL) a shainmhíniú mar shocruithe rialaithe a sholáthraíonn oideachas agus cúram ó bhreith go dtí iontráil scoile agus san áireamh ansin tá seirbhísí ionadbhunaithe agus feighlithe leanaí atá cláraithe. |
| Míbhuntáiste Oideachais | Na baic ar oideachas a eascraíonn as míbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch agus a choisceann scoláirí ó thairbhe chuí a bhaint as an oideachas i scoileanna. |

[1] To include Dyslexia, Dyscalculia and Dysgraphia

| | |
|---|---|
| Oideachas don fhorbairt inbhuanaithe | An t-eolas agus na scileanna is gá chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear i measc nithe eile trí oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus do stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta an duine, comhionannas inscne, cultúr síochána agus an neamhfhoréigin a chur chun cinn, saoránacht dhomhanda, agus meas ar éagsúlacht chultúrtha agus ar rannchuidiú an chultúir leis an bhforbairt inbhuanaithe. |
| Tús Cothrom | Samhail Mhaoinithe agus sraith de bhearta uilíocha agus spriocdhírithe gaolmhara is ea Tús Cothrom chun tacú le rochtain a fháil ar fhoghlaim agus cúram na luath óige (FCL) agus ar chúram leanaí in aois scoile (CLAS) agus a bheith rannpháirteach ann do leanaí agus a dteaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste. |
| Glór na nGael | Tá freagracht ar leith ar Ghlór na nGael i dtrí cinn de réimsí oibre, forbairt na Gaeilge sa teaghlach, forbairt na Gaeilge i measc grúpaí pobail agus forbairt na Gaeilge i measc grúpaí fionraíochta agus gnó. |
| Lámh | Córas comharthaíochta de láimh is ea Lámh a úsáideann leanaí agus daoine fásta atá faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais chumarsáide acu in Éirinn chun tacú le cumarsáid. |
| An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (SNCL) | Soláthraíonn SNCL tacaíocht airgeadais chun cuidiú le teaghlaigh costais fhoghlaim agus cúram na luath-óige a sheasamh. |
| An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) | Bunaíodh CNOS chun soláthar seirbhísí oideachais a fheabhsú do dhaoine a raibh riachtanais speisialta oideachais acu mar thoradh ar mhíchumas agus béim speisialta ar leanaí. |
| Oide | Is é Oide an tseirbhís tacaíochta do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile, á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus a cruthaíodh nuair a rinneadh ceithre cinn de sheirbhísí tacaíochta a bhí ann roimhe sin a chomhcheangal agus seoladh é ar an 1 Meán Fómhair 2023. Is iad na seirbhísí tacaíochta sin ná an Lárionad Ceannaireachta Scoile, An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí. |

| | |
|---|---|
| Tuismitheoirí agus teaghlaigh | Tagraíonn tuismitheoirí do mháithreacha, aithreacha , agus iad siúd a bhfuil freagracht tuismitheoireachta orthu i gcaidrimh thuismitheoireachta éagsúla. D'fhéadfadh tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí a bheith i gceist anseo. |
| Cleachtais oideolaíocha | Cleachtais a n-aithnítear iad a bheith riachtanach chun eispéiris foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar. |
| Ilchultúrtha | Tagraíonn sé do chultúir éagsúla. |
| Ilteangach | An cumas atá ag duine cumarsáid a dhéanamh i roinnt teangacha. |
| Foghlaim Ghairmiúil | Eispéiris a bhaineann le forbairt ghairmiúil, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), oiliúint, ceardlanna nó cláir a mbíonn oideoirí luathbhlianta, feighlithe leanaí, múinteoirí, ceannairí suíomhanna FCL agus scoile rannpháirteach iontu agus a bhféadfadh foghlaim ghairmiúil a bheith mar thoradh orthu. |
| Féinmheastóireacht scoile | Próiseas ina sainaithníonn scoileanna eispéiris agus torthaí oideachais leanaí/scoláirí, chomh maith lena bhfolláine, a n-inspreagadh chun foghlama agus a rannpháirtíocht san fhoghlaim agus ina ndéanann siad machnamh orthu agus ina dhiaidh sin go leagann siad amach clár oibre chun an fhoghlaim a chur chun cinn go héifeachtach. |
| An Chomhairle Mhúinteoireachta | Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta rialálaí ghairm na múinteoireachta in Éirinn. |
| Aistriú | D'fhéadfadh an t-aistriú a bheith idir an baile agus an suíomh FCL nó an scoil, laistigh de ghnáthaimh laethúla nó eatarthu agus ó shuíomh amháin go dtí suíomh eile. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an t-aistriú a bheith idir an baile agus áiteanna eile ina gcaitheann foghlaimeoirí am, suíomhanna FCL agus an bhunscoil, an bhunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus idir ranganna ag gach leibhéal scoile. |
| Tuismitheorí na Gaeltachta | Bunaíodh Tuismitheoirí na Gaeltachta in 2011 agus tá sé ag feidhmiú go náisiúnta sa Ghaeltacht ó 2018 i leith. Tacaíonn sé le teaghlaigh Ghaeltachta atá ag tógáil a leanaí trí Ghaeilge lena n-áirítear réimse leathan tacaíochtaí a sholáthar do theaghlaigh. |

| | |
|---|---|
| Tusla | Is é Tusla an rialálaí neamhspleách reachtúil ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Cuireann cigireacht luathbhlianta Tusla sábháilteacht agus cáilíocht an chúraim agus na tacaíochta do leanaí i seirbhísí luathbhlianta atá cláraithe le Tusla chun cinn agus déanann siad monatóireacht orthu i gcomhréir leis na Rialacháin faoin Acht um Chosaint Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 Feidhmíonn Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) faoin Acht Oideachais (Leas), 2000. Tá trí shnáithe in TESS mar atá an tSeirbhís Reachtúil um Leas Oideachais (EWS) agus an dá sheirbhís tacaíochta scoile an Scéim Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) agus an Clár Críochnaithe Scoile (CCS). Oibríonn na trí shnáithe le chéile i gcomhar le scoileanna, teaghlaigh agus seirbhísí ábhartha chun na torthaí oideachais is fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga. Is é atá i Seirbhís Tusla um Chosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh (PPFS) ná sraith chuimsitheach de sheirbhísí idirghabhála agus coisctheacha a bhfuil Tusla agus a ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta ag tabhairt fúthu. Tá sé mar aidhm ag PPFS rioscaí do leanaí agus do dhaoine óg a chosc ó theacht chun cinn nó éirí níos measa trí idirghabháil luath agus tacaíocht teaghlaigh |
| Webwise | Is é Webwise an Lárionad Éireannach um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín atá á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus á chómhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach. |